Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

# Plean Corparáideach

# 2025
# 2029

*Tá an doiciméad seo clóite ar pháipéar athchúrsáilte mar chuid dár dtiomantas don inbhuanaitheacht.*

Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

# Plean Corparáideach

# 2025 2029



# CLÁR ÁBHAIR


| | |
|---|---|
| Réamhrá | Leathanach 1 - 6 |
| Ár dTimpeallacht Oibriúcháin | Leathanach 7 - 14 |
| Ár bhFís, Misean agus Prionsabail | Leathanach 15 - 20 |
| Ár Spriocanna don Chathair | Leathanach 21 - 42 |
| Ár Spriocanna Cumasaithe | Leathanach 43 - 54 |
| Cur I Bhfeidhm, Rialachas Agus Maoirseacht | Leathanach 55 - 64 |
| Aguisiní | Leathanach 65 - 72 |


CLÁR ÁBHAIR

# Brollach

Tá áthas orainn an Dréachtphlean Corparáideach do 2025-2029 a chur i láthair.

Tá Baile Átha Cliath bródúil as a bheith ina áit dhinimiciúil agus inbhuanaithe, a lorgaíonn bealaí nuálacha i gcónaí chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimh an gcathair agus ar riachtanais athraitheacha a pobail.



Leagtar amach sa Phlean Corparáideach seo treo straitéiseach na Comhairle Cathrach agus ár dtiomantas do Chathair Bhaile Átha Cliath agus dá pobail go ceann cúig bliana. Leagtar amach ann an méid a chuirfimid ar fáil, an tionchar a bhfuil súil againn a bheith againn, agus conas a dhéanfaimid dul chun cinn a thomhas.

Is iomaí glór a mhúnlaigh an Plean seo. Tá tuairimí an phobail, na gComhaltaí Tofa, agus foireann na Comhairle Cathrach curtha le chéile againn chun ár bhfís chomhroinnte don chathair a shainiú.

**Is í an fhís atá againn ná go mbeidh Baile Átha Cliath ina cathair rathúil do chách.**

Chuir na tuairimí a cuireadh in iúl sa phróiseas comhairliúcháin, mar aon leis na téamaí beartais atá leagtha síos ag an gComhairle agus anailís ar ár dtimpeallacht oibriúcháin, bonn eolas faoi na 5 sprioc dár gcathair agus do na 4 sprioc chumasúcháin a chabhróidh linn, le chéile, an fhís seo a bhaint amach.



Treoróidh an Plean Corparáideach seo an eagraíocht de réir mar a oibríonn sé ar son na ndaoine a chónaíonn, a oibríonn, a dhéanann staidéar, a thugann cuairt nó a reáchtálann gnó sa chathair. Cinnteoidh sé go gcuirfimid ár seirbhísí riachtanacha ó lá go lá ar fáil ar bhealach maith i gcónaí, ach go ndíreoimid orainn féin freisin ar na tosaíochtaí straitéiseacha is tábhachtaí chun a chinntiú go mbeidh tionchar dearfach againn ar shaol gach duine i mBaile Átha Cliath.

Cinnteoidh sé freisin go ndéanfar an eagraíocht, agus ár bhfoireann, a fhorbairt agus a fheistiú chun feidhmiú ar ár ndícheall.

Beidh comhoibriú laistigh den Chomhairle Cathrach, leis na grúpaí pobail agus páirtithe leasmhara ar fud na Cathrach agus níos faide i gcéin ríthábhachtach chun ár spriocanna don chathair a bhaint amach.

Tá rath orainn mar gheall ar na comhpháirtíochtaí seo agus aithnímid nach féidir linn oibriú linn féin chun freagairt do na dúshláin atá roimh Bhaile Átha Cliath anois agus amach anseo.

Aithnímid go bhfuil comhoibriú dearfach idir na Comhaltaí Tofa agus bainistíocht agus foireann na Comhairle ina shainchomhartha de rialtas áitiúil éifeachtach agus ceannaireacht chathartha fhiúntach. Agus táimid tiomanta do leanúint leis an gcomhoibriú seo agus sinn ag obair i dtreo ár bhfís do Bhaile Átha Cliath a bhaint amach.

Gabhaimid buíochas leo siúd go léir a chuidigh le forbairt an Phlean Chorparáidigh agus táimid ag tnúth le bheith ag obair libh chun na rudaí is tábhachtaí a chur i bhfeidhm agus chun cathair rathúil do chách a dhéanamh de Bhaile Átha Cliath.



**Emma Blain**
*Ardmhéara Bhaile Átha Cliath*



**Richard Shakespeare**
*Príomhfheidhmeannach*





# CATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH 2025

**Limistéar agus Daonra na Cathrach**

**Limistéar geografach ár gcathrach:**
115km²

**Daonra Iomlán:**
592,713
le méadú measta de thart ar 100,000 faoi 2031.




162,400
Gaeilgeoirí 3 bliana d'aois agus níos sine.
Is méadú 5,964 é seo ó 2016.

**Daonra idir 15-64 bliana d'aois:**
424,742

**Oibrithe Deonacha:**
64,142



**Éagsúlacht**
Rugadh
27%
de chónaitheoirí lasmuigh d'Éirinn.

**Oideachas**
Bhí cáilíocht tríú leibhéal ag
218,308
duine 15 bliana d'aois agus níos sine.





**Taisteal**
**An chaoi a mbíonn daoine ag taisteal chuig áiseanna cúraim leanaí, an obair, an scoile nó an coláiste:**



124,491
ar scór nó ar rothar.

80,103
ar iompar poiblí nó ar bhus príobháideach.

120,318
i bhfeithicil phríobháideach.




**Sláinte**
Thuairiscigh
76%
de na daoine go raibh a sláinte ghinearálta go maith nó go han-mhaith.

**Forbairt Gheilleagrach**
336,761
post aitheanta lonnaithe laistigh de Chathair Bhaile Átha Cliath. Astu seo, is iad cónaitheoirí Chathair Bhaile Átha Cliath a thugann fúthu díreach faoi bhun a leath (49.8% nó 167,768).

Bhí rochtain ag
79%
de na teaghlaigh i gceantar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar an idirlíon leathanbhanda.

# Ár dTimpeallacht Oibriúcháin

Tá traidisiún fada bródúil ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath maidir le treo, fás agus forbairt na cathrach a stiúradh. Agus 63 Comhalta Tofa uirthi ar cuireadh tús lena dtéarma oifige i mí an Mheithimh 2024, is í an Chomhairle Cathrach an t-aon chomhlacht a toghadh go daonlathach a dhéanann ionadaíocht do mhuintir Chathair Bhaile Átha Cliath.

In éineacht le níos mó ná 6,000 ball foirne, cuireann an Chomhairle Cathrach raon leathan agus éagsúil de níos mó ná 900 seirbhís ar leith ar fáil do shaoránaigh Bhaile Átha Cliath, do ghnólachtaí agus do chuairteoirí ar an gcathair. Tá ár dtimpeallacht oibriúcháin ag athrú go leanúnach, agus caithfidh an Chomhairle Cathrach oiriúnú agus athrú mar fhreagra.







## DAONLATHAS, MUINÍN AGUS FÓCAS SAORÁNACH

Is cuid lárnach d'obair Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath iad tacú le daonlathas áitiúil agus é a neartú trí dhea-rialachas agus trédhearcacht, trí rannpháirtíocht fheabhsaithe na saoránach, agus trí ról ceannaireachta na Comhairle Tofa a chur chun cinn. Is iad na rudaí a spreagann an mhuinín atá ag an bpobal sa Chomhairle Cathrach ná na seirbhísí riachtanacha a chuirimid ar fáil ar bhealach maith i gcónaí agus ár gcumas aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna casta beartais ar nós athrú aeráide, éagothroime agus easpa dídine.

D'athraigh an tírdhreach faisnéise atá ag éirí níos casta, an éagsúlacht tuairimí agus an dioscúrsa atá cumasaithe ag cumarsáid dhigiteach ionchais an phobail. Chun muinín an phobail a neartú agus a chothabháil, tá trédhearcacht agus cuntasacht i ndáil le cinnteoireacht, seirbhísí atá deartha leis an úsáideoir mar thosaíocht, agus rannpháirtíocht níos oscailte de dhíth ag teastáil.



## ATHRÚ AERÁIDE AGUS GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE

Is ról ríthábhachtach é do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ceannaireacht i ngníomhú áitiúil ar son na haeráide. Éilíonn sé cumas cothromaíocht a bhaint amach idir riachtanais agus ionchais na bpobal, éilimh agus srianta na mbeartas náisiúnta agus beartas ón AE, agus práinn agus éiginnteacht na géarchéime aeráide.

Tacaíonn tionscnaimh atá i bhfeidhm cheana féin amhail Cairt Ghníomhaithe ar son na hAeráide na nÚdarás Áitiúil, Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, agus Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide Chathrach Bhaile Átha Cliath faoi stiúir na Comhairle Cathrach le gnéithe aeráide agus forbartha inbhuanaithe a chomhtháthú i ngach gné dár gcuid oibre. Beidh sé ríthábhachtach ár gcumas a fheabhsú chun freastal ar na freagrachtaí atá ag athrú sa réimse seo, agus chun ár seirbhísí a dhearadh agus a chur ar fáil ar bhealaí a thacaíonn le gníomhú ar son na haeráide agus an t-athrú iompair atá riachtanach don phobal a chur chun cinn, chun tabhairt faoin dúshlán seo san fhadtéarma.

## FÁS CATHRACH INBHUANAITHE

Leagtar amach i bPlean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath 2022–2028 an fhís fhadtéarmach don chathair agus cuirtear dlúthfhás chun cinn ann. Léiríonn sé na spriocanna tithíochta náisiúnta agus áitiúla chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán tithíochta laistigh de chreat inbhuanaithe faoi stiúir an phlean agus spreagann sé forbairt chónaithe trí bheartais réamhghníomhacha bainistíochta talún agus creataí pleanála.

Tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath tiomanta, mar thosaíocht, chun tithe ardchaighdeáin a sholáthar faoi 'Tithíocht do Chách' trí raon meicníochtaí soláthair lena n-áirítear Tithíocht Inacmhainne, Cíos Costas agus aonaid nua Tithíochta Sóisialta a úsáid.

Cuireann an Plean le stádas Bhaile Átha Cliath sa Chreat Pleanála Náisiúnta agus sa Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíochta mar phríomhchathair scála dhomhanda na hÉireann agus tá rath Bhaile Átha Cliath ríthábhachtach d'fhás eacnamaíoch inbhuanaithe na tíre.

Aithníodh an tionchar iarphaindéimeach ar lár na cathrach agus chun fás inbhuanaithe a chinntiú do réigiún na príomhchathrach tá fócas athnuaite ann anois ar bheocht, glasú agus infheistíocht i gcroílár ár gcathrach.

Tá an tábhacht a bhaineann le comhoibriú le príomhpháirtithe leasmhara, gníomhaireachtaí stáit, údaráis in aice láimhe agus comhpháirtithe idirnáisiúnta riachtanach chun tuilleadh fás inbhuanaithe a bhaint amach i gCathair Bhaile Átha Cliath.








## TEICNEOLAÍOCHT, NUÁLAÍOCHT AGUS BEALAÍ OIBRE ATÁ AG ATHRÚ

Trí leas a bhaint as digitiú agus dul chun cinn tapa sa teicneolaíocht, spreagfar athrú céime ar an gcaoi a n-oibrímid go hinmheánach agus leis an bpobal agus lenár bpáirtithe leasmhara.

Chomh maith leis sin, éascóidh na deiseanna a chuireann an teicneolaíocht ar fáil chun cáilíocht ár seirbhísí a fheabhsú agus iad a sholáthar ar bhealaí a bhfuil an pobal ag súil leo freisin breithniú a dhéanamh ar chineálacha cur chuige níos solúbtha maidir leis an gcaoi a n-oibrímid.

Cuireann teicneolaíocht agus nuálaíocht deiseanna ar fáil freisin chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin uirbeacha agus chun forbairt eacnamaíoch agus inbhuanaitheacht a chur chun cinn. Ní mór muinín a bheith ag daoine as na seirbhísí poiblí digiteacha agus as teicneolaíocht dhigiteach a úsáideann an Chomhairle Cathrach agus ní mór iad a bheith ar ardchaighdeán, agus iad a sholáthar ar bhealach cothrom, ionchuimsitheach agus inbhuanaithe.

Leis an Straitéis um Chlaochlú Digiteach na Comhairle Cathrach, treorófar ár gclár uaillmhianach digitithe agus claochlaithe sa réimse seo.

Tá athrú tagtha freisin i dtreo patrúin oibre nua sa Chathair, lena n-áirítear obair chumaisc agus sholúbtha, agus tá gá le hoiriúnú do na hathruithe seo ionas go gcoinneoimid beocht eacnamaíoch agus go dtacóimid le forbairt inbhuanaithe uirbeach.





## COMHIONANNAS, ÉAGSÚLACHT AGUS IONCHUIMSIÚ

Tá ár nDualgas um Chomhionannas agus Cearta Daonna na hEarnála Poiblí ('an Dualgas') mar bhunchloch ag seirbhísí poiblí, beartais agus timpeallachtaí oibre atá inrochtana agus ionchuimsitheach agus díríonn siad aird ríthábhachtach ar chomhionannas agus ar chearta an duine.

Tá ár dtiomantas don chomhionannas agus do chearta an duine dírithe ar na grúpaí sin a dtugann an Dualgas aghaidh orthu agus atá clúdaithe ag forais inscne; stádas sibhialta; stádas teaghlaigh; aois; míchumas; gnéaschlaonadh; cine; creideamh; ballraíocht den Lucht Siúil; agus stádas socheacnamaíoch faoi mhíbhuntáiste, chomh maith leo siúd a bhaineann roinnt de na forais sin leo, agus sealbhóirí ceart aonair faoi ionstraimí ceart daonna.

## BONN MAOINITHE

Ní mór don Chomhairle feidhmiú laistigh den chóras maoinithe rialtais áitiúil atá ann faoi láthair agus de theorainneacha na n-acmhainní airgeadais atá ar fáil di. In ainneoin gur laghdaíodh na leibhéil bhoilscithe le linn 2024, tá brúnna boilscithe fós ar an gComhairle Cathrach maidir le soláthar, costais saothair agus conarthaí oibreacha.

Mar gheall go bhfuil na costais a bhaineann le seirbhísí ag ardú, in éineacht le beagán méadaithe ar ár mbonn ioncaim nó ar ár maoiniú lánroghnach, ní mór ioncam breise suntasach a ardú má táthar chun seirbhísí a choinneáil. Is féidir le héifeachtúlachtaí feabhsaithe agus fócas leanúnach ar luach ar airgead cuidiú leis an úsáid is fearr a bhaint as an maoiniú atá ar fáil.



## ATHRÚ BEARTAIS, REACHTAÍOCHTA AGUS SEIRBHÍSE

D'fheidhmigh an Chomhairle Cathrach i dtimpeallacht dhinimiciúil i gcónaí, agus d'fhreagair sí do bheartas, reachtaíocht, feidhmeanna agus struchtúir athraitheacha an rialtais. Léirigh freagairt na Comhairle Cathrach ar COVID-19, go háirithe, ár gcumas ár bpróisis inmheánacha gnó agus ár seirbhísí riachtanacha a oiriúnú don phobal go tapa.

Ó glacadh leis an bPlean Corparáideach deireanach in 2020, tá béim níos mó curtha ar an gcaoi a dtugaimid aghaidh ar athrú aeráide agus forbairt inbhuanaithe ag reachtaíocht agus ag beartais nua amhail an tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2024, an Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide, 2024 agus an Straitéis agus an Plean Gníomhaíochta um Sholáthar Poiblí Glas, 2024-2027. I gcomhréir leis an bPlean Forfheidhmithe Náisiúnta do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2022-2024, tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag obair chun feasacht a ardú agus chun na SFInna a chomhtháthú inár mbeartais, inár gcláir agus inár dtionscadail a chabhraíonn le gealltanais leathana na hÉireann chun na SFInna a bhaint amach faoi 2030.

Beartais náisiúnta nua amhail Seirbhísí Poiblí Níos Fearr - Straitéis um Chlaochlú na Seirbhíse Poiblí 2030 agus an Rialtas a Chónascadh 2030: Tugadh isteach Straitéis Dhigiteach agus TFC do Sheirbhís Phoiblí na hÉireann. Is iad na príomhphíosaí reachtaíochta eile le linn na tréimhse ar thug an Chomhairle freagra orthu ná an tAcht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024 agus Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021.



## FORBAIRT AN LUCHT SAOTHAIR

Ciallaíonn feidhmíocht dhearfach gheilleagar Bhaile Átha Cliath agus an margadh saothair iomaíoch ina dhiaidh sin go gcaithfidh an Chomhairle Cathrach a tarraingteacht mar áit oibre a fhorbairt go leanúnach, agus a chinntiú gur féidir linn leanúint ar aghaidh ag mealladh agus ag coinneáil na foirne is fearr chun obair ar son mhuintir Bhaile Átha Cliath.

Tá sé ríthábhachtach chun go n-éireoidh leis an eagraíocht agus le caighdeán ár seirbhísí ár bhfoireann a choinneáil agus a fhorbairt trí na bearta atá ar fáil dúinn amhail soghluaisteacht, roghanna oibre solúbtha, oiliúint, agus an éagsúlacht mhór oibre inar féidir lenár ndaoine a mbuanna a úsáid agus a fhorbairt.

Cinntíonn pleanáil straitéiseach don fhórsa saothair go bhfuil na scileanna, an t-eolas, an cumas agus na leibhéil foirne cearta ag an gComhairle Cathrach chun freastal ar riachtanais seirbhíse reatha agus amach anseo agus gur féidir linn freagairt dár dtimpeallacht oibriúcháin atá ag athrú.








## SEIRBHÍSÍ COMHROINNTE

Tá ról gníomhach ag an gComhairle Cathrach i gcónaí maidir le Tionscnaimh Seirbhíse Comhroinnte a threorú agus páirt a ghlacadh iontu. Is í an Chomhairle Cathrach an príomhúdarás do roinnt díobh seo lena n-áirítear:

**Córas Bainistíochta na Leabharlainne Náisiúnta**
a chumasaíonn ballraíocht aonair do rochtain ar gach leabharlann phoiblí, seirbhísí leabharlainne ar líne agus rochtain ar an gcatalóg náisiúnta.

**An Oifig Náisiúnta um Rialú Foirgníochta agus um Fhaireachas Margaidh**
a sholáthraíonn maoirseacht, tacaíocht agus treoir maidir le forbairt, caighdeánú agus cur i bhfeidhm Rialaithe Foirgníochta mar sheirbhís chomhroinnte éifeachtach sna 31 Údarás Rialaithe Foirgníochta agus a sholáthraíonn maoirseacht agus comhordú ar Straitéis Náisiúnta um Fhaireachas Margaidh na hÉireann.

**An tÚdarás Áitiúil Réigiúnach um Fhorfheidhmiú Dramhaíola Réigiún Oirthear Lár na Tíre**
a chomhordaíonn gníomhartha forfheidhmithe agus feidhmíocht dramhaíola don réigiún.

**Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide Chathair Bhaile Átha Cliath**
a thacaíonn leis an ngníomhú ar son na haeráide atá ar bun ag ceithre Údarás Áitiúla Bhaile Átha Cliath agus a chomhordaíonn é.

**Feidhmeannacht Réigiún Bhaile Átha Cliath do Dhaoine gan Dídean (FRBÁCDD)**
a sholáthraíonn seirbhísí do dhaoine gan dídean thar ceann na gceithre Údarás Áitiúla i mBaile Átha Cliath.

**Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath**
a sholáthraíonn seirbhís dóiteáin, otharchairr éigeandála agus tarrthála lán-chomhtháite do cheithre Údarás Áitiúla Bhaile Átha Cliath.

Glacann an Chomhairle Cathrach páirt freisin i réimse tionscnamh seirbhíse comhroinnte eile le húdaráis áitiúla chomhpháirtíochta, mar shampla réitigh theicniúla Tógáil le Comhroinnt agus comhsholáthar, agus faigheann sí na buntáistí a bhaineann le barainneachtaí scála agus éifeachtúlachtaí a thagann mar thoradh orthu.

# ÁR BHFÍS, MISEAN AGUS PRIONSABAIL

1



ÁR BHFÍS

# BAILE ÁTHA CLIATH

## CATHAIR RATHÚIL DO CHÁCH

- Glan
- Glas
- Sábháilte
- Ináitrithe
- Spleodrach
- Inrochtana



ÁR MISEAN

# COMHAIRLE CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH: AG TREORÚ AGUS AG NEARTÚ NA CATHRACH

Seasfaimid an fód do Bhaile Átha Cliath agus glacfaimid ról ceannaireachta sna rudaí is tábhachtaí don Chathair.

Soláthróimid seirbhísí poiblí den scoth, inrochtana agus nuálacha a chuireann folláine agus cáilíocht saoil shaoránaigh agus phobail uile Bhaile Átha Cliath chun cinn.





PRIONSABAIL

**Cothroime, ionracas, macántacht agus an leas coiteann**
Cloífimid leis na luachanna intreacha rialtais áitiúil seo inár gcuid oibre, inár gcinnteoireacht, agus inár n-idirghníomhaíochtaí.

**Comhionannas agus Cearta an Duine**
Oibreoimid chun deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas a chur chun cinn agus cearta an duine a chosaint ar mhaithe le héagsúlacht na saoránach agus na foirne.

**Meas agus luach**
Cothóimid timpeallacht oibre dhearfach thacúil ina bhfuil meas agus luach againn ar thuairimí agus ar chúlraí éagsúla agus ina gcuirfimid ar chumas ár bhfoirne a ndícheall a dhéanamh chun seirbhís phoiblí den scoth a sholáthar.

**Inbhuanaitheacht**
Déanfaimid ár gcathair a chosaint agus a fheabhsú chun cáilíocht na beatha agus athléimneacht a uasmhéadú do na glúine seo agus do na glúine atá le teacht.

**Trédhearcacht agus Cuntasacht**
Beimid cuntasach agus freagrach as ár gcinntí go léir, agus cinnteoimid go gcuirtear in iúl iad ar bhealach oscailte agus trédhearcach.

**Comhoibriú agus Nuálaíocht**
Oibreoimid go comhoibritheach ar fud na heagraíochta, le comhpháirtithe ar fud na cathrach, an réigiúin agus go hidirnáisiúnta. Glacfaimid le nuálaíocht chun cáilíocht ár soláthair seirbhíse a fheabhsú.

# ÁR SPRIOCANNA DON CHATHAIR

# 2





1 DÍOTHÚ NA BOCHTAINEACHTA

10 NEAMHIONANNAIS LAGHDAITHE

11 CATHRACHA AGUS POBAIL INBHUANAITHE

12 TOMHALTAS FREAGRACH AGUS TÁIRGEACHT FHREAGRACH



SPRIOC

## Tithe sóisialta agus inacmhainne inrochtana, sábháilte, ardchaighdeáin a fhorbairt ina bhfuil daoine bródúil as cónaí iontu agus a chothaíonn pobail chónaithe bhríomhara atá imeasctha sa chathair agus a thacaíonn leo.

## CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

Soláthar tithe sóisialta agus inacmhainne ar ardchaighdeán a luathú agus a mhéadú a thacaíonn le riachtanais éagsúla ár ndaonra atá ag fás

Easpa dídine a laghdú agus a chinntiú go gcuirtear cóiríocht agus seirbhísí ardchaighdeáin ar fáil do dhaoine atá gan dídean, nó atá i mbaol easpa dídine

Ár dtithe a chothabháil agus a bhainistiú chun cabhrú le pobail ionchuimsitheacha a chothú ina bhfuil daoine bródúil as cónaí iontu







## BEARTA TORTHAÍ

- Líon na dtithe faoi stiúir na Comhairle Cathrach curtha i gcrích de réir tionachta
- Líon na dtithe faoi stiúir na Comhairle Cathrach curtha i gcrích de réir an mheascáin de mhéid na seomraí leapa
- Líon na dtithe faoi stiúir na Comhairle Cathrach a bhfuil faomhadh pleanála faighte acu
- Méid an spáis urláir neamhchónaithe a sholáthraítear mar chuid d'fhorbairt tithíochta
- Líon na dtithe de chuid Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta a maoiníodh trí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- Líon na dtithe a fuarthas/a léasaíodh agus a cuireadh in úsáid mar thithíocht Chomhairle (NSI)
- Líon na dtithe folmha a cuireadh in úsáid mar thithe cónaithe
- Líon na ndaoine a d'imigh ón easpa dídine go dtí tionóntacht
- Líon na ndaoine fásta i gcóiríocht éigeandála 6 mhí nó níos mó (NSI)
- Líon na ndaoine a bhí i mbaol a ndídean a chailliúint ach ar cuireadh cosc air
- Líon na cothabhála pleanáilte (lena n-áirítear éifeachtúlacht fuinnimh) curtha i gcrích
- Líon na n-athchóirithe ar neamhní a cuireadh i gcrích
- Líon na dtascanna deisithe tithíochta a cuireadh i gcrích
- Líon na dtithe a leithdháileadh ar theaghlaigh faoi mhíchumas
- Líon na laethanta ón uair a fhágtar teach go dtí an uair a ligtear ar cíos arís é (NSI)
- Líon na dteaghaisí príobháideacha ar cíos a ndearnadh cigireacht orthu (NSI)

## PRÍOMHSTRAITÉISÍ AGUS PLEANANNA:

- *Tithíocht do Chách. Plean Tithíochta Nua d'Éirinn (2030)*
- *Plean Gníomhaíochta um Sheachadadh Tithíochta Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, 2022-2026*
- *Plean Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean Réigiún Bhaile Átha Cliath*
- *Straitéis Tithíochta Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath do Dhaoine faoi Mhíchumas 2022-2027*
- *Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2025-2029*

SPRIOC

## Líonra comharsanachtaí agus sráidbhailte rathúla a fhás ina bhfuil rochtain ag gach duine ar na háiseanna agus na seirbhísí ardchaighdeáin a theastaíonn chun tacú le pobail ionchuimsitheacha agus ghníomhacha.





3 SLÁINTE MHAITH AGUS DEA-BHAIL

4 OIDEACHAS AR ARDCHAIGHDEÁN

11 CATHRACHA AGUS POBAIL INBHUANAITHE

15 BEATHRA AR TALAMH



**CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA**

Réimse áiseanna agus seirbhísí ardchaighdeáin ionchuimsitheacha pobail, cultúrtha, spóirt, páirceanna agus áineasa i gcomharsanachtaí ar fud na cathrach a leathnú agus a fheabhsú

Bithéagsúlacht a chaomhnú agus a athbhunú trí chomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí eile agus le pobail áitiúla

Pobail chomhtháite a chur chun cinn agus a threorú trí raon de chláir agus gníomhaíochtaí ionchuimsithe shóisialta, forbartha pobail, comhionannais, aoisbháúla, imeasctha idirchultúrtha agus Gaeilge

Carachtar uathúil agus cultúir éagsúla Bhaile Átha Cliath a cheiliúradh chun muintearas agus bród a chothú sa chathair



**BEARTA TORTHAÍ**

- Cuid den daonra laistigh de shiúlóid, rothaíocht nó nasc iompair phoiblí 15 nóiméad ónár seirbhísí agus ár n-áiseanna
- Méadú 5% ar úsáid áiseanna Spóirt agus Fóillíochta faoi úinéireacht na Comhairle Cathrach
- Méid na spásanna pobail, ealaíon agus cultúrtha a chuirtear ar fáil mar chuid d'fhorbairtí ar mhórscála faoi fhoráil 5% den Phlean Forbartha Cathrach (CUO25)
- Líon méadaithe spásanna oibre d'ealaíontóirí trí mheascán de sholáthar earnála príobháidí agus poiblí (Sprioc: 200)
- Úsáideoirí cláraithe Leabharlann méadaithe in aghaidh an duine (NSI)
- Méadú ar chlúdach ceannbhrait crann na Cathrach
- Céatadán na scoileanna áitiúla atá páirteach i gComhairle na nÓg Chathair Bhaile Átha Cliath (NSI)
- Líon na n-eagraíochtaí ar an gclár agus an méid a roghnaigh a bheith mar chuid den Choláiste um Ionchuimsiú Sóisialta i Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Chathair Bhaile Átha Cliath (NSI)
- Deiseanna nua chun Gaeilge a labhairt cruthaithe (sprioc 100,000 faoi dheireadh 2027)



**PRÍOMHSTRAITÉISÍ AGUS PLEANANNA:**

- *Straitéis Leabharlann*
- *Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta, 2023-2027*
- *Cathair Bhaile Átha Cliath: Plean Spóirt Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2024 -2029 Níos Gníomhaí, Níos Minice*
- *Plean Ealaíon na Cathrach, 2024-2027*
- *Straitéis Páirceanna Chathair Bhaile Átha Cliath*
- *Straitéis Crann Chathair Bhaile Átha Cliath*
- *Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta, 2021–2025*
- *Comhpháirtíocht Bhithsféir UNESCO Chuan Bhaile Átha Cliath*
- *Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail Chathair Bhaile Átha Cliath, 2024-2029*
- *Straitéis Súgartha Chathair Bhaile Átha Cliath, 2022 – 2027*









SPRIOC

# Forbairt agus athghiniúint réigiún na cathrach agus a eacnamaíocht a threorú ionas go mbeidh Baile Átha Cliath ar cheann de na réigiúin chathrach is inbhuanaithe, is dinimiciúla agus is seiftiúla san Eoraip.



## CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

Forbairt agus fás spásúlachta leanúnach Bhaile Átha Cliath a threorú, agus cáilíocht na beatha, iomaíochas eacnamaíoch, oidhreacht chultúrtha agus athléimneacht chomhshaoil a fheabhsú ag an am céanna

Geilleagar cliste, glas, nuálaíochtbhunaithe a chomhchruthú i réigiún na cathrach trí chomhoibriú lenár gcomhpháirtithe eacnamaíocha agus turasóireachta

Díriú go réamhghníomhach ar athghiniúint, forbairt agus athúsáid talún agus foirgneamh ar fud na cathrach chun brí agus beogacht a thabhairt do shráideanna agus comharsanachtaí na cathrach

Athbheochan lár na cathrach a threorú chun príomhchathair a chruthú atá sábháilte, inrochtana, glan agus rathúil i rith an lae agus na hoíche, agus ar féidir leis an tír ar fad a bheith bródúil aisti







## BEARTA TORTHAÍ

- Méadú ar an daonra a chónaíonn ar fud na cathrach agus go háirithe i lár na cathrach
- Rátaí Fostaíochta agus Dífhostaíochta do Bhaile Átha Cliath
- Athrú ar Innéacs Bainisteoirí Ceannaigh Gnó Dhomhanda do Bhaile Átha Cliath
- Caiteachas iomlán ar fhorbairt eacnamaíoch (NSI)
- Athrú ar an treocht Caiteachais Miondíola do Bhaile Átha Cliath
- Líon láithreán/foirgnimh na Comhairle Cathrach a cuireadh ar ais in úsáid tháirgiúil
- Líon na n-aonad cónaithe ceadaithe
- Líon na n-áitreabh nua tosaithe agus críochnaithe maidir le spriocanna soláthair tithíochta
- Rátaí folúntais miondíola do Shráid Grafton agus Sráid Anraí ar bhonn bliantúil
- Líon na gcustaiméirí ag mórimeachtaí na Cathrach agus ag imeachtaí arna n-éascú ag an gComhairle Cathrach
- Dearcadh feabhsaithe saoránach agus meon an phobail i leith lár na cathrach

## PRÍOMHSTRAITÉISÍ AGUS PLEANANNA:

- *Plean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath 2022-2028*
- *Plean Oidhreachta Chathair Bhaile Átha Cliath 2023 – 2028*
- *Straitéis Turasóireachta 2023 – 2028*
- *Straitéis Rannpháirtíochta Chlár an AE 2021-2027*
- *Plean Forbartha Fiontraíochta Chathair Bhaile Átha Cliath na hOifige Fiontair Áitiúla 2025-2028*
- *Plean Fiontraíochta Réigiúnach Bhaile Átha Cliath go dtí 2025*
- *Ráiteas Beartais Fiontar Áitiúil 2024-2030*
- *Straitéis Geilleagair Oíche Chathair Bhaile Átha Cliath*








# Cathair ghlan, ghlas, shláintiúil, shábháilte, dea-nasctha a chruthú agus a chothabháil le ríocht phoiblí bhríomhar ar féidir le gach duine taitneamh a bhaint aisti





**CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA**

Ceann de na cathracha is glaine san Eoraip a chruthú trí ghníomhaíocht éifeachtach agus nuálach maidir le bainistiú dramhaíola agus forfheidhmiú comhshaoil

An ríocht phoiblí a chothabháil agus a athnuachan chun tacú le héascaíocht ghluaiseachta, spásanna poiblí taitneamhacha a chruthú atá uathúil do Bhaile Átha Cliath, agus chun ár gcathair a dhéanamh sábháilte agus inrochtana do chách

Timpeallacht inrochtana ísealtráchta a sholáthar sa chathair chun iompar poiblí, taisteal gníomhach agus feabhsuithe ar an ríocht phoiblí a chumasú

An bealach a siúlann, a dtaistealaíonn i gcathaoireacha rothaí agus a rothaíonn daoine sa phríomhchathair a athrú trí Líonra Taistil Ghníomhaigh a chruthú a fheabhsaíonn rochtain, nascacht agus comhtháthú sóisialta do chách

Aistriú na seirbhísí uisce go hUisce Éireann a thabhairt chun críche agus rannpháirtíocht leanúnach a chinntiú chun fás eacnamaíoch na cathrach a éascú





**BEARTA TORTHAÍ**

- Feabhas a chur ar aicmiú na gceantar a bhí neamhthruaillithe/saor ó bhruscar/beagán truaillithe (NSI) nuair a rinneadh suirbhé orthu
- Dearcadh feabhsaithe saoránach ar chathair ghlan
- Méadú ar thonnáiste ábhair a bhailítear ó shaoráidí athchúrsála de réir ábhair (teicstílí, gloine, meascán tirim, ginearálta ó láithreáin taitneamhachta chathartha)
- Dearcadh feabhsaithe na saoránach i leith sábháilteachta sa ríocht phoiblí
- Tomhas bliantúil tráchta a thrasnaíonn Tródam na Canála miondealaithe de réir modh iompair
- Áireamh bliantúil tráchta i gcroílár na Cathrach, arna mhiondealú de réir modh iompair, lena n-áirítear an modh coisithe
- Scóráil Innéacs Riocht na gCosán (NSI)
- Méadú ar sciar an mhodha taistil ghníomhaigh - sprioc 25% faoi 2030.
- Céatadán na gcónaitheoirí laistigh de 400 méadar ón Líonra Taistil Ghníomhaigh - sprioc íosta de 40% faoi 2029 agus 95% faoi 2034

**PRÍOMHSTRAITÉISÍ AGUS PLEANANNA:**

- *Plean Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíola le haghaidh Geilleagar Ciorclach 2024-2030*
- *Straitéis Ríochta Poiblí agus Máistirphleananna Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath*
- *Plean Iompair Lár Chathair Bhaile Átha Cliath*



SPRIOC

# Treorú agus tacú le haistriú chathair Bhaile Átha Cliath, agus a pobal, chuig todhchaí shláintiúil, ísealcharbóin agus athléimneach ó thaobh na haeráide de




ÁR SPRIOCANNA DON CHATHAIR







**CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA**

An iarracht chomhoibritheach a threorú chun an t-athrú sistéamach agus iompraíochta a theastaíonn chun ár spriocanna aeráide a bhaint amach

Astaíochtaí gás ceaptha teasa in oibríochtaí na Comhairle Cathrach a laghdú go suntasach

Athléimneacht agus cumas Bhaile Átha Cliath a neartú chun tionchair aitheanta agus anaithnide an athraithe aeráide a chosc, dul in oiriúint dóibh agus teacht aniar uathu

Córais draenála uisce dromchla agus dobharlaigh na cathrach a bhainistiú

Oibriú chun timpeallacht na cathrach a fheabhsú, lena n-áirítear cáilíocht an aeir

Freagairt agus ullmhacht éigeandála a chothabháil agus a fheabhsú agus daoine a chumasú chun fanacht sábháilte sa bhaile agus i mbun gnó



**BEARTA TORTHAÍ**

- Laghdú céatadáin ar astaíochtaí gás ceaptha teasa Bhaile Átha Cliath ó bhonnlíne 2018 (Sprioc 51% faoi 2030)
- Laghdú céatadáin ar astaíochtaí ó oibríochtaí na Comhairle Cathrach ó bhonnlíne 2018 (Sprioc 51% faoi 2030)
- Céatadán achair dromchla iarfheistithe le córais draenála inbhuanaithe (Sprioc: Laghdú íosta 20% ar urscaoileadh uisce dromchla isteach sa chóras draenála)
- Laghdú ar leibhéil truaillithe aeir chun a chinntiú go gcomhlíonann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath treoirluachanna cáilíochta aeir na hEagraíochta Domhanda Sláinte faoi 2030 (Sprioc: laghdú bliantúil a bhaint amach ar leibhéil NO2 chun a chinntiú nach sárófar teorainnluach 10mg in aghaidh an m3 faoi 2030)
- Céatadán na gcásanna i dtaca le dóiteáin inar tháinig an chéad fhreastal ar an láthair laistigh de 10 nóiméad / Céatadán na gcásanna i dtaca le teagmhais éigeandála eile go léir inar tháinig an chéad fhreastal ar an láthair laistigh de 10 nóiméad (NSI)
- An meán-am a thóg sé, i nóiméid, briogáidí dóiteáin a shlógadh i Stáisiúin Lánaimseartha le haghaidh dóiteán / Meán-am a thóg sé, i nóiméid, chun briogáidí dóiteáin a shlógadh i Stáisiúin Lánaimseartha le haghaidh gach eachtra éigeandála (neamhdhóiteáin) eile (NSI)
- Líon na n-aláram deataigh a dáileadh ar thithe agus ar eagraíochtaí pobail

**PRÍOMHSTRAITÉISÍ AGUS PLEANANNA:**

- *Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2024-2029*
- *Treoir um Dhearadh agus Meastóireacht Draenála Inbhuanaithe 2021*
- *Pleananna Bainistíochta Uisce Báistí - Treoir d'Údaráis Áitiúla 2024*
- *Bainistíocht Bunaithe ar an Dúlra ar Uisce Báistí Uirbeach agus ar Urscaoileadh Uisce Dromchla Uirbigh; Straitéis Náisiúnta 2024*
- *Plean Gníomhaíochta Torainn*
- *Plean Oibriúcháin Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath*
- *Plean Bainistíochta Móréigeandála Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath*



# ÁR SPRIOCANNA CUMASAITHE

3



SPRIOC

# Leanúint ar aghaidh ag neartú ár n-éifeachtachta eagraíochtúla ionas go ndéanfaimid freastal níos fearr ar Bhaile Átha Cliath agus ar a phobail.











**CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA**

Díriú ar na bunghnéithe agus ár seirbhísí riachtanacha laethúla a sholáthair ar bhealach maith i gcónaí, chun cabhrú le cathair ghlan, ghlas, shábháilte, insroichte, bheoga a chruthú do chách

Oibriú i gcomhar le chéile mar Chomhairle Amháin, Foireann Amháin

**CHUN NA CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA SEO A BHAINT AMACH, DÉANFAIMID AN MÉID SEO A LEANAS:**

- Oibriú de réir sraithe de chomhthosaíochtaí atá comhaontaithe agus soiléir
- Dlús a chur le cur chun feidhme ár dtionscadal caipitil agus straitéiseach
- Bealaí nua, inrochtana agus níos fearr a úsáid chun cumarsáid agus teagmháil fhiúntach a dhéanamh le saoránaigh agus lenár bhfoireann
- Breithniú a dhéanamh ar theicneolaíochtaí digiteacha nua agus teicneolaíochtaí digiteacha atá ag teacht chun cinn chun feabhsuithe agus éifeachtúlachtaí a thabhairt dár seirbhísí agus dár bpróisis
- Cur i bhfeidhm Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a dhaingniú inár straitéisí, cláir agus seirbhísí, chun deiseanna a chruthú do gach duine a bheith rannpháirteach go hiomlán sa tsochaí
- Ár ról a imirt maidir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach faoi 2030 agus baill foirne agus pobail a spreagadh chun gnímh

SPRIOC

# Ár ndaoine, ár n-áiteanna agus ár mbealaí oibre, ár gcreat rialachais, agus ár dteicneolaíocht a fhorbairt chun cur ar chumas na heagraíochta a bheith oiriúnach don todhchaí agus seirbhísí den scoth, inrochtana, dírithe ar shaoránaigh a sholáthar








## CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

Muinín a neartú sa Chomhairle Cathrach trí dhea-rialachas, bainistíocht seirbhíse ardchaighdeáin, cumarsáid réamhghníomhach, agus rannpháirtíocht chuimsitheach saoránach

Dlús a chur leis an turas i dtreo soláthair seirbhíse atá dírithe ar an saoránach, bunaithe ar shonraí agus digiteach, agus cultúr claochlaithe agus feabhsúcháin leanúnaigh a dhaingniú

Ionaid oibre agus spásanna oibre na Comhairle Cathrach a dhéanamh éifeachtúil ó thaobh carbóin de agus iad deartha chun freastal níos fearr ar riachtanais athraitheacha na n-úsáideoirí uile

Ár bpost mar fhostóir de rogha a neartú, tallann a choinneáil agus a mhealladh, agus ár bhfórsa saothair a fhorbairt ionas go mbeidh na scileanna, an cumas agus an tsolúbthacht againn chun freagairt go héifeachtach do riachtanais athraitheacha ár n-eagraíochta agus na cathrach







## BEARTA TORTHAÍ

- Ráta muiníne saoránach méadaithe
- Méadú ar rannpháirtíocht/teagmhálacha le grúpaí aitheanta inár gcomhairliúcháin
- Céatadán na seirbhísí ábhartha a sholáthraítear ar líne (Sprioc 90% faoi 2030)
- Feabhas céatadáin ar rátaí sástachta úsáideoirí seirbhíse maidir le príomhsheirbhísí
- Laghdú céatadáin ar ídiú fuinnimh inár n-oifigí, iostaí agus áiseanna
- Laghdú céatadáin ar theagmhais agus ar thimpistí san ionad oibre
- Méadú céatadáin ar mheon dearfach fostaithe
- Rátaí athraithe agus coinneála fostaithe

## PRÍOMHSTRAITÉISÍ AGUS PLEANANNA:

- *Creat Cóid Rialachais an Rialtais Áitiúil*
- *Beartas agus Nósanna Imeachta Bainistíochta Riosca Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2024*
- *Straitéis Chumarsáide, 2024-2029*
- *Plean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí*
- *Straitéis um Chlaochlú Digiteach, 2025-2030*
- *Plean Straitéiseach don Fhórsa Saothair, 2024-2029*
- *Plean Náisiúnta do Sheirbhísí Poiblí Gaeilge, 2024-2030*



SPRIOC

# Tacú le soláthar éifeachtach agus trédhearcach próiseas daonlathach agus reachtúil trí rialachas láidir agus tacaíocht chinnteoireachta.











**CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA**

Tacú leis na Comhaltaí Tofa a ról a chomhlíonadh in ionadaíocht dhaonlathach agus i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna forchoimeádta

Comhlíonadh ár gceanglas dlíthiúil a chumasú agus tacú leis trí sheirbhísí dlí tráthúla praiticiúla a bheith ar fáil do gach réimse feidhme den Chomhairle

**BEARTA TORTHAÍ**

- Suirbhé ar Shástacht na gComhairleoirí
- Leibhéal méadaithe úsáide Thairseach na gComhairleoirí
- Líon na n-iarratas um Shaoráil Faisnéise Taifeadta / Oscailte/ Faoi réir Athbhreithniú Inmheánach / Arna chur faoi bhráid Oifig an Choimisinéara Faisnéise

**PRÍOMHSTRAITÉISÍ AGUS PLEANANNA:**

- *Plean Corparáideach Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2025-2029*



SPRIOC

# An bonn airgeadais agus an timpeallacht teicneolaíochta a sholáthar a chuireann ar chumas na heagraíochta a seirbhísí a chothabháil, a fhás agus a fheabhsú










**CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA**

Bonn maoinithe inbhuanaithe, rialachas agus cuntasacht airgeadais láidir a sholáthar agus tacú le luach ar airgead inár n-oibríochtaí

Cur ar chumas na heagraíochta a spriocanna a bhaint amach agus tacú le bealaí nua oibre trí thimpeallacht teicneolaíochta éifeachtach, slán agus forásach a sholáthar

**BEARTA TORTHAÍ**

- Spriocdhátaí do Bhuiséid Bhliantúla Ioncaim & Caipitil, Ráitis Airgeadais Bhliantúla agus Iniúchadh Reachtúil a chomhlíonadh
- Céatadán na rátaí tráchtála a bailíodh
- Costas soláthair TFC mar % den chaiteachas ioncaim (NSI)

**PRÍOMHSTRAITÉISÍ AGUS PLEANANNA:**

- *Lámhleabhar um Beartas agus Nósanna Imeachta Soláthair Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, 2023*
- *Straitéis Chibearshlándála TFC, 2025 - 2028*

# CUR I BHFEIDHM, RIALACHAS AGUS MAOIRSEACHT

# 4



# Cur i bhFeidhm agus Maoirseacht

## CREAT CUR CHUN FEIDHME

Déanfar fís na Comhairle Cathrach a chomhlíonadh leis na spriocanna agus na cuspóirí straitéiseacha a leagtar amach sa Phlean seo.

Baineann na spriocanna agus na cuspóirí straitéiseacha sin go díreach leis na beartais agus na straitéisí a chuireann an Chomhairle Cathrach i bhfeidhm ar fud réimse iomlán ár seirbhísí. Mionsonrófar go leor den obair a theastaíonn chun an Plean Corparáideach a chur i bhfeidhm trí na beartais agus na straitéisí seo, agus cuirfear é chun cinn tríóthu freisin.

Gach bliain, leagfar amach i bPlean Soláthair Seirbhíse na Comhairle Cathrach tosaíochtaí sonracha, chomh maith le cuspóirí bliantúla dár bpríomhsheirbhísí. Cabhróidh na tosaíochtaí agus na cuspóirí seirbhíse seo le chéile linn oibriú i dtreo ár bhfís a bhaint amach. Léireoidh an Plean Soláthair Seirbhíse go soiléir conas a nascann clár oibre na bliana le spriocanna agus cuspóirí an Phlean Chorparáidigh. Déanfaidh an cur chuige seo an tsolúbthacht riachtanach a dhaingniú inár gcreat chun an Plean Corparáideach a chur i bhfeidhm.

Déanfaidh Cairteacha Foirne dár mbaill foirne ar fud na heagraíochta na tosaíochtaí agus na cuspóirí seirbhíse sin a chur i bhfeidhm i gcláir oibre a nascfaidh obair ár bhfoirne ó lá go lá go díreach lenár bhfís don chathair.





## RIALACHAS AGUS MAOIRSEACHT

Déanfar an dul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm an Phlean Chorparáidigh a thomhas trí athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar mhéadracht na dtorthaí sa Phlean seo, trí athbhreithniú dhá uair sa bhliain a dhéanamh ar an méadracht feidhmíochta sa Phlean Seachadta Seirbhíse Bliantúil, agus trí mhonatóireacht leanúnach a dhéanamh ar leibhéil ghníomhaíochta sna Cairteacha Foirne.

Leagtar amach i mBeartas agus Nósanna Imeachta Bainistíochta Riosca Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, 2024 timthriall leanúnach chun riosca a bhainistiú: Aithint; Measúnú; Bainistigh agus Monatóireacht.

Cuimsíonn an nós imeachta sainaithint agus bainistiú na rioscaí suntasacha a bhaineann le cuspóirí an Phlean Chorparáidigh agus an Phlean Soláthair Seirbhíse Bliantúil a bhaint amach.

Tabharfaidh suirbhé bliantúil ar mheon na saoránach léiriú ar dhearcadh an phobail ar ár bhfeidhmíocht seirbhíse agus ar dhul chun cinn i dtreo ár bhfís a bhaint amach.

Tá Príomhfheidhmeannach agus Foireann Ardbhainistíochta na Comhairle Cathrach freagrach as cur i bhfeidhm agus soláthar na ngníomhaíochtaí is gá chun na spriocanna agus na cuspóirí straitéiseacha atá leagtha amach sa Phlean seo a bhaint amach, ag brath ar na hacmhainní agus an cumas atá ar fáil.

Déanfar maoirseacht leanúnach ar chur i bhfeidhm an Phlean tríd an gComhairle Cathrach agus tríd an nGrúpa Beartais Chorparáidigh, agus beidh freagracht ar Choistí Beartais Straitéisigh na Comhairle Cathrach as maoirseacht a dhéanamh ar an dul chun cinn ar na spriocanna aonair laistigh den Phlean seo.

Leagfar amach sa Tuarascáil Mhíosúil Bhainistíochta, i dTuarascálacha Bliantúla ar Dhul Chun Cinn an Phlean Soláthair Seirbhíse agus i dTuarascáil Bhliantúil na Comhairle Cathrach do na Comhaltaí Tofa cá bhfuil an dul chun cinn á dhéanamh agus cad atá á léiriú ag na méadrachtaí éagsúla.

# Struchtúr Rialachais agus Eagraíochtúil

Tá an tArdmhéara ina chathaoirleach ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a thoghann na Comhaltaí go bliantúil. Forbraíonn agus molann an Grúpa um Beartas Corparáideach agus seacht gCoiste um Beartas Straitéiseach beartas don Chomhairle.

Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as oibríochtaí laethúla na Comhairle, as cinntí na Comhairle a chur i bhfeidhm agus as oibriú leis na hionadaithe tofa agus foireann na comhairle chun fís Chomhairlí Cathrach Bhaile Átha Cliath de Chathair Rathúil do Chách a bhaint amach.



## STRUCHTÚR EAGRAÍOCHTÚIL



## RIALACHAS

- Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
  - COISTÍ CHEANTAR
    - Coiste An Lárcheantair
    - Coiste Cheantar An Lárthuaiscirt
    - Coiste Cheantar An Iarthuaiscirt
    - Coiste Cheantar An Lárdheiscirt
    - Coiste Cheantar An Oirdheiscirt
  - Coiste Iniúchóireachta
  - Grúpa Beartais Chorparáidigh
    - CBS Airgeadais
    - CBS Tithíochta agus Ionchuimsiú Sóisialta
    - CBS um Fhorbairt Eacnamaíoch & Fiontar
    - CBS Pleanála & Athghiniúna Uirbí
    - CBS Soghluaisteachta agus na Ríochta Poiblí
    - CBS um Ghníomhú ar son na hAeráide & Acmhainneacht Uirbeach
    - CBS Pobail, Gaeilge, Spóirt, Ealaíon & Cultúir
  - Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ)



# Comhaltaí Tofa Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath



## Coiste An Lárcheantair

### AN CHABRACH-GLAS NAÍON

An Comh. Feljin Jose - *An Comhaontas Glas*
An Comh. Seamas McGrattan - *Sinn Féin*
An Comh. Cat O'Driscoil - *Daonlathaithe Sóisialta*
An Comh. Colm O'Rourke - *Fine Gael*
An Comh. Ciaran Perry - *Neamh-Pháirtí*
An Comh. Gayle Ralph - *Fine Gael*
An Comh. John Stephens - *Fianna Fáil*

### LÁR NA CATHRACH THUAIDH

An Comh. Janice Boylan - *Sinn Féin*
An Comh. Christy Burke - *Neamh-Pháirtí*
An Comh. Daniel Ennis - *Daonlathaithe Sóisialta*
An Comh. Janet Horner - *An Comhaontas Glas*
An Comh. Ray McAdam - *Fine Gael*
An Comh. Niall Ring - *Neamh-Pháirtí*
An Comh. Malachy Steenson - *Neamh-Pháirtí*

## Coiste Cheantar An Lárthuaiscirt

### ARD AIDHIN - FIONNBHRÚ

An Comh. Racheal Batten - *Fianna Fáil*
An Comh. Declan Flanagan - *Fine Gael*
An Comh. Jessyln Henry - *Daonlathaithe Sóisialta*
An Comh. John Lyons - *Neamh-Pháirtí*
An Comh. Edel Moran - *Sinn Féin*
An Comh. Aishling Silke - *Daonlathaithe Sóisialta*

### CLUAIN TARBH

An Comh. Kevin Breen - *Neamh-Pháirtí*
An Comh. Donna Cooney - *An Comhaontas Glas*
An Comh. Alison Field - *Páirtí an Lucht Oibre*
An Comh. Deirdre Heney - *Fianna Fáil*
An Comh. Clodagh Ni Muiri - *Fine Gael*
An Comh. Catherine Stocker - *Daonlathaithe Sóisialta*

### DOMHNACH MÍDE

An Comh. Daryl Barron - *Fianna Fáil*
An Comh. Micheal MacDonncha - *Sinn Féin*
An Comh. Aoibheann Mahon - *Fianna Fáil*
An Comh. Paddy Monahan - *Daonlathaithe Sóisialta*
An Comh. Supriya Singh - *Fine Gael*



## Coiste Cheantar An Iarthuaiscirt

### BAILE MUNNA/FIONNGHLAS

An Comh. Mary Callaghan - *Daonlathaithe Sóisialta*
An Comh. Anthony Connaghan - *Sinn Féin*
An Comh. Keith Connolly - *Fianna Fáil*
An Comh. Leslie Kane - *Sinn Féin*
An Comh. Gavin Pepper - *Neamh-Pháirtí*
An Comh. Conor Reddy - *Daoine Roimh Bhrabús*

## Coiste Cheantar An Oirdheiscirt

### CAMAIGH-RÁTH MAONAIS

An Comh. Fiona Connolly - *Páirtí an Lucht Oibre*
An Comh. Tara Deacy - *Daonlathaithe Sóisialta*
An Comh. Pat Dunne - *Right to Change*
An Comh. Patrick Kinsella - *Fine Gael*
An Comh. Carolyn Moore - *An Comhaontas Glas*
An Comh. Punam Rane - *Fine Gael*

### PEAMBRÓG

An Comh. Emma Blain - *Fine Gael*
An Comh. Hazel Chu - *An Comhaontas Glas*
An Comh. David Coffey - *Fine Gael*
An Comh. Rory Hogan - *Fianna Fáil*
An Comh. Dermot Lacey - *Páirtí an Lucht Oibre*

### OIRDHEISCIRT LÁR NA CATHRACH

An Comh. Claire Byrne - *An Comhaontas Glas*
An Comh. Danny Byrne - *Fine Gael*
An Comh. Cian Farrell - *Daonlathaithe Sóisialta*
An Comh. Mannix Flynn - *Neamh-Pháirtí*
An Comh. Kourtney Kenny - *Sinn Féin*

## Coiste Cheantar An Lárdheiscirt

### BAILE FORMAID/DROIMNEACH

An Comh. Ray Cunningham - *An Comhaontas Glas*
An Comh. Hazel De Nortuin - *Daoine Roimh Bhrabús*
An Comh. Daithi Doolan - *Sinn Féin*
An Comh. Vincent Jackson - *Neamh-Pháirtí*
An Comh. Philip Sutcliffe - *Éireann Neamhspleách*

### IARDHEISCEART LÁR NA CATHRACH

An Comh. Ammar Ali - *Fianna Fáil*
An Comh. Lesley Byrne - *Daonlathaithe Sóisialta*
An Comh. Darragh Moriarty - *Páirtí an Lucht Oibre*
An Comh. Ciaran O Meachair - *Sinn Féin*
An Comh. Michael Pidgeon - *An Comhaontas Glas*

# AGUISÍNÍ

5



AGUISÍN 1

# Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine

Is dualgas reachtúil é Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine ('an Dualgas') a cheanglaíonn ar chomhlachtaí poiblí aird a thabhairt ar an ngá atá le deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus cearta daonna ár gComhaltaí Tofa, fostaithe, úsáideoirí seirbhísí agus tairbhithe beartais a chosaint, faoi Alt 42 den Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014.

Tá an Chomhairle Cathrach tiomanta do chur i bhfeidhm leanúnach an Dualgais a chur chun cinn ar fud ár réimsí seirbhíse go léir agus leanfaidh sí ag tacú le forbairt agus cur i bhfeidhm pleananna gníomhaíochta bliantúla don Dualgas, agus ag déanamh monatóireacht orthu, bunaithe ar ár bPleananna Soláthair Seirbhíse Bliantúla.

Baileoimid agus déanfaimid anailís ar shonraí chun tuairisc a thabhairt ar an méid atá bainte amach againn maidir le dul i ngleic le saincheisteanna comhionannais agus cearta an duine mar chuid de Thuarascáil Bhliantúil na Comhairle Cathrach. Tá gach Roinn freagrach as an Dualgas a eagrú ina cuid oibre agus as a chinntiú go gcuirtear an Dualgas i bhfeidhm inti.

Tugann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath faoi na céimeanna is gá chun éifeacht a thabhairt don Dualgas: Measúnú, Dul i nGleic agus Tuairisciú.





## MEASÚNÚ

Tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath tar éis measúnú fianaisebhunaithe agus rannpháirteach a dhéanamh ar na saincheisteanna cearta daonna agus comhionannais, atá roimh na grúpaí aitheanta sa Dualgas, a chreideann sí a bheidh ábhartha dá feidhmeanna agus dá cuspóir do gach Roinn, atá cónasctha in aon mheasúnú eagraíochtúil amháin.

Tá an measúnú seo bunaithe ar athbhreithniú ar bheartas náisiúnta ábhartha, ar thaighde náisiúnta, agus ar aighneachtaí chuig comhlachtaí idirnáisiúnta monatóireachta ar chearta daonna chun saincheisteanna staide agus taithí atá ag na grúpaí sin agus riachtanais a bhaineann go sonrach leis na grúpaí sin, agus ar rannpháirtíocht le heagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta.

Ní measúnú é ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath maidir le comhlíonadh a cuid feidhmeanna.



## DUL I NGLEIC

Tá plean cur chun feidhme forbartha ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath mar chreat chun an Dualgas a chur i bhfeidhm go leanúnach thar thréimhse an Phlean Chorparáidigh seo, lena n-áirítear pleananna cur chun feidhme arna n-ullmhú ag gach Roinn. Leagtar amach sa phlean cur chun feidhme seo: na luachanna a spreagann aird na Comhairle Cathrach ar chomhionannas agus cearta daonna agus a n-impleachtaí nithiúla do thosaíochtaí agus próisis na Comhairle Cathrach; measúnú ar shaincheisteanna comhionannais agus ceart daonna a bhaineann le feidhmeanna agus cuspóir na Comhairle Cathrach; gníomhaíochtaí chun cur chun feidhme leanúnach na Dualgas a chumasú; conas a chuirfear céim Dul i nGleic an Dualgais i bhfeidhm ar bhealach leanúnach le linn pleananna, beartais, straitéisí agus cláir a fhorbairt nó a athbhreithniú, agus trí phleananna gníomhaíochta spriocdhírithe; agus conas a chuirfear céim Tuairisciú den Dualgas i bhfeidhm gach bliain.

Baineadh aon cheann déag de shaincheisteanna comhionannais agus ceart daonna as an measúnú foriomlán, mar gur saincheisteanna uileghabhálacha iad agus mar gur tosaíocht don Phlean Corparáideach seo iad agus tugtar aghaidh orthu sna gealltanais a tugadh sna réimsí ábhartha den Phlean Corparáideach seo. Cinnteoidh cur i bhfeidhm leanúnach Chéim Dul i nGleic an Dualgais, faoin bplean forfheidhmithe, freagra leordhóthanach agus cuí ar na saincheisteanna comhionannais agus ceart daonna a aithníodh sa mheasúnú. Déanfar é seo a threisiú tuilleadh, de réir mar is gá, trí phleananna agus straitéisí spriocdhírithe, amhail an Straitéis Aoisbháúil, an Plean Straitéiseach do Thithíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas agus an Clár Cóiríochta don Lucht Siúil.



## TUAIRISCIGH

Mar chuid de phróiseas tuairiscithe an Phlean Soláthair Seirbhíse Bhliantúil, tuairisceoidh gach roinn ar an dul chun cinn atá déanta maidir le dul i ngleic leis na saincheisteanna comhionannais agus ceart daonna a aithníodh. Déanfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath tuairisciú go bliantúil freisin ar fhorbairtí agus ar éachtaí maidir le cur i bhfeidhm an Dualgais laistigh den Tuarascáil Bhliantúil.

## SAINCHEISTEANNA TOSAÍOCHTA COMHIONANNAIS AGUS CEART DAONNA

Measadh go raibh na haon saincheist déag thíos uileghabhálach agus ina dtosaíocht don Phlean Corparáideach seo. Cuireadh teimpléad Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath do Chéim Dul i nGleic den Dualgas i gcrích chun a chinntiú go raibh aghaidh á tabhairt go leordhóthanach agus go cuí ar na saincheisteanna comhionannais agus ceart daonna seo sna gealltanais a rinneadh sna réimsí ábhartha den Phlean Corparáideach seo.

- Idirdhealú ar fud na ngrúpaí aitheanta atá ar leibhéal an duine aonair agus ar an leibhéal sistéamach araon agus lena n-áirítear ciapadh agus gnéaschiapadh.
- Oiliúint agus feasacht foirne maidir le saincheisteanna comhionannais, idirdhealaithe agus steiréitíopála, agus próisis éagsúlachta agus ionchuimsitheacha.
- An gá atá le dearadh uilíoch i mbonneagar, áiseanna, fostaíocht agus seirbhísí.
- Dífhostaíocht agus tearcionadaíocht i bhfostaíocht, agus bacainní ar ardú céime agus easpa ardaithe céime ag an obair do dhaoine ó na grúpaí aitheanta.
- Inrochtaineacht timpeallachtaí fostaíochta agus oibre, seirbhísí agus áiseanna, agus córas cumarsáide, le heaspa próiseas chun oiriúnú nó a bheith solúbtha mar fhreagairt ar impleachtaí praiticiúla na héagsúlachta agus ar riachtanais shonracha daoine ó na grúpaí aitheanta.
- Bochtaineacht, dírithe ar réimsí ar leith agus scaipthe ar limistéir shaibhris, a bhfuil taithí ag daoine ó na grúpaí aitheanta orthu.
- Míbhuntáiste tithíochta agus easpa dídine ar fud na ngrúpaí aitheanta.
- Rannpháirtíocht theoranta daoine ó na grúpaí sainaitheanta i ngníomhaíochtaí fisiceacha mar rannpháirtithe agus mar eagraithe, agus i ngníomhaíochtaí cultúrtha mar tháirgeoirí agus mar thomhaltóirí ealaíon agus cultúir.
- Srianta digiteacha agus eisiamh do dhaoine ó na grúpaí aitheanta mar gheall ar easpa bonneagair agus nascachta, easpa trealamh riachtanach, agus easpa scileanna TF leordhóthanacha.
- An gá atá le comhairliúchán sonrach nó le teagmháil shonrach le guthanna na ngrúpaí aitheanta, agus le próisis chomhairliúcháin atá ceaptha a bheith ionchuimsitheach.
- An gá atá le faisnéis inrochtana chun roghanna eolacha ó dhaoine ó na grúpaí aitheanta a chumasú.



AGUISÍN 2

# Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse

## Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean

(Seirbhísí Cónaithe / Lae / Tacaíocht Cuairte / For-rochtain)

CROSSCARE
PADDY MCGRATH
DEPAUL IRELAND
CUAN MHUIRE
DUBLIN SIMON
SONS OF DIVINE PROVIDENCE
FOCUS IRELAND
MERCHANTS QUAY
NOVAS INITIATIVE
ANA LIFFEY
PMVT
BARKA
RESPOND
HAIL HOUSING
SALVATION ARMY
THRESHOLD DUBLIN
SOPHIA
THRESHOLD EAST REGION
BRU NA BHFIANN
CAPUCHIN DAY CENTRE
ANEW
IVEAGH HOSTEL

## Seirbhísí Bóithre agus Tráchta

(Ceadúnú MapRoad agus Córas Bainistíochta Cosán)

ROAD MANAGEMENT OFFICE (RMO)

## Gníomhú ar son na hAeráide

SEAI





## Monatóireachta ar Aercháilíocht agus Rialaithe Torainn

ENVIRONMENTAL MONITORING SYSTEMS
NVM LIMITED
SONITUS
LENNOX
ENVITECH EUROPE LTD

## Seirbhísí Bainistíochta Dramhaíola

ÚDARÁIS CHEANNAIS RÉIGIÚNACHA UM FHORFHEIDHMIÚ DRAMHAÍOLA (WERLA)
AN ROINN COMHSHAOIL, AERÁIDE & CUMARSÁIDE
ÚDARÁIS ÁITIÚLA BHAILE ÁTHA CLIATH- (AN MAOINIÚ PATHFINDER A RIAR ÓN ÚFIÉ)

## Spóirt agus Fóillíochta

DUBLIN CITY SPORTS & LEISURE COMPANY LIMITED
IRISH AMATEUR SWIMMING ASSOCIATION COMPANY LIMITED T/A SWIM IRELAND

## Cultúr

DUBLIN CITY COUNCIL CULTURE COMPANY LIMITED

*Tá an doiciméad seo clóite ar pháipéar athchúrsáilte mar chuid dár dtiomantas don inbhuanaitheacht.*

Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council